Dáta	Leibhéal ranga Naíonáin Shóisearacha agus Naíonáin Shinsearacha	Ábhar Corpoideachas

Snáithe Cluichí	Snáithaonad Cluichí a chiallú agus a léirthuiscint.

Teideal
Bogadh mar a Bheadh Ainmhí an Aigéin ann.

Cuspóir(í)
Is é aidhm an phlean ceachta ná go n-aimseoidh na leanaí ní a léiríonn ainmhí farraige i limistéar teoranta den scoil.

Cuspóirí foghlama	Gníomhaíochtaí foghlama
Cuirfear ar chumas an linbh: Ceithre speiceas d'ainmhithe farraige atá dúchasach in uiscí na hÉireann a aithint. Páirt a ghlacadh i roinnt gníomhaíochtaí taitneamhacha réamhaclaíochta. Páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht ghníomhach mheaitseála.	**Teagasc faoi Threoir/ Comhtháthú:** Mar réamhghníomhaíocht don cheacht seo, cuir na leanaí ina suí timpeall ort i gciorcal. Bíodh pictiúir agat de na ceithre ainmhí – portán, crosóg mhara, sleamhnóg (atá sleamhain le heascann) agus siorc. Inis do na daltaí ainmneacha na n-ainmhithe. Déan plé leis na daltaí ar an dóigh a mbogann na hainmhithe sin. Iarr ar na daltaí an dóigh a scuitleálann portán, an dóigh a snámhann sleamhnóg ar an talamh etc. a thaispeáint. **Teagasc faoi Threoir:** Glac páirt i gcluiche taitneamhach réamhaclaíochta leis na leanaí. Cluiche den scoth le himirt anseo a bheadh i 'Long chun an Chladaigh'. Is don long a sheasfaidh taobh amháin den halla nó den chlós. Is don chladach a sheasfaidh an taobh eile. Lipéadaigh na taobhanna sin agus inis do na daltaí rith chuig ceachtar díobh. Tabhair treoracha do na leanaí faoi na gníomhartha a bheidh le déanamh acu – glanaigí an deic, siúlaigí an clár thar taobh, bogaigí go gasta, ardaígí an bhratach, etc. **Fionnachtain faoi Threoir:** Cuir na daltaí ina líne. Tabhair treoir do

	na daltaí gan imirt go garbh agus mol dóibh iad féin a iompar go maith. Ainmnigh cuiditheoir. Dáilfidh an cuiditheoir sin cóin nó cruinneacháin ar fud an halla nó an chlóis ar fad. Cuir pictiúir bheaga de na ceithre ainmhí faoi bhun na gcón nó na gcruinneachán sin. Ba chóir ainmhí amháin a bheith faoi bhun gach cóin. Toisc gur gníomhaíocht mheaitseála ainmhithe farraige í seo, d'fhéadfadh go mbainfeadh na leanaí taitneamh as a bheith 'ag snámh' ó chón go cón. Ardóidh na daltaí cón, piocfaidh siad pictiúr suas agus feicfidh siad an féidir leo an pictiúr sin a mheaitseáil le ceann eile. A luaithe a mheaitseálfaidh siad na pictiúir, is féidir leis an mbeirt daltaí aithris a dhéanamh ar luail an ainmhí sin. Is féidir an ghníomhaíocht a dhéanamh roinnt uaireanta éagsúla. Ainmnigh duine éigin chun cabhrú leat na cóin agus na bileoga a réiteach. **Gníomhaíocht Iaraclaíochta:** Iarr ar na leanaí boilgeog spáis a chruthú. Is é is boilgeog spáis ann ná crios spáis phearsanta nach féidir leo teagmháil le duine ar bith eile ann agus a lámha sínte amach. Scairt ainmneacha na n-ainmhithe éagsúla farraige agus iarr ar na leanaí aithris a dhéanamh ar luailí na n-ainmhithe sin. Ar deireadh, iarr ar na leanaí roinnt síntí éagsúla a dhéanamh, mar shampla, iad a dhéanamh chomh mór le míol mór agus chomh beag le gupaí. Ag an deireadh, déan cleachtadh análaithe 'bolaígí aer an aigéin, séidigí na boilgeoga.'
	Acmhainní 4 phictiúr mhóra (faoi iamh) Pictiúir níos lú ná sin de réir mar is gá Cóin

	Spás Mór

Difreáil
Ceisteanna ardoird agus ísealoird. Gníomhaíochtaí grúpa agus róil ghrúpa a dhifreáil le go gcuirtear riachtanais aonair san áireamh, trí thacaíocht agus trí thascanna a thabhairt. Obair i mbeirteanna idir daltaí cumais mheasctha.

Measúnú
Breathnú agus Ceistiú ag an Múinteoir

Nascadh agus Comhtháthú
Drámaíocht: Iarr ar na daltaí smaoineamh faoin dóigh a bhfaigheadh a n-ainmhí a chuid bia. An féidir leo an smaoineamh sin a léiriú ach luail agus focail a úsáid?
Eolaíocht: Iarr ar na daltaí na pictiúir de na ceithre ainmhí a chur i gcomparáid le chéile agus plé a dhéanamh ar an dóigh a bhfuil cruthanna éagsúla coirp orthu agus ar an dóigh a bhfuil tréithe éagsúla coirp acu.
Tíreolaíocht: Iarr ar na daltaí smaoineamh faoi cén áit a mbíonn na hainmhithe sin le fáil de ghnáth? Cén tionchar a bheadh ag aimsir stoirmeach ar na háiteanna sin?

Pictiúir d'Ainmhithe

Portán Glas



Crosóg Mhara

Sleamhnóg

Siorc